


GAN SUÍOCHÁN CAIRR LINBH GAN LEITHSCÉAL




BÍ AR AN EOLAS FAOIN DLÍ ÚR FAOI SHUÍOCHÁIN CHAIRR LINBH

TUILLEADH EOLAIS FAOI SHUÍOCHÁIN CHAIRR LINBH

Tá an leabhrán agus an DDI araon le fáil **SAOR IN AISCE** le ordú ar líne ag www.rsa.ie/childsafetyincars nó ar an ghuthán **LoCall** 1890 50 60 80.



Leabhrán



DDI

www.rsa.ie/childsafetyincars

BÍ AR AN EOLAS FAOIN DLÍ ÚR faoi shuíocháin chairr linbh

- ➔ Tá dlíthe úra de chuid an AE i ndiaidh teacht i bhfeidhm. Tá sé éigeantach dá mbarr go mbeidh gach páiste ag taisteal leis an suíochán cairr, suíochán ardaithe nó adhartán ardaithe cuí
- ➔ Má tá criosanna sábhála ann ní mór iad a chaitheamh
- ➔ Níl sé ceadmhach do pháistí faoi bhun trí bliana d'aois a bheith ag taisteal in aon charr nó aon fheithicil earraí (seachas tacsáí) gan a bheith faoi shrian sa suíochán linbh cuí
- ➔ Ní mór do pháistí atá trí bliana d'aois nó níos sine agus atá faoi bhun 150cm ar airde agus atá faoi bhun 36 cileagram meáchain (i. páistí faoi bhun 11/12 bliain d'aois de ghnáth), ní mór dóibh an suíochán linbh, suíochán ardaithe nó adhartán ardaithe cuí a úsáid agus iad ag taisteal i gcarranna nó i bhfeithicilí earraí
- ➔ Ní mór do pháistí atá os cionn trí bliana d'aois taisteal sa suíochán cúl i bhfeithicilí atá gan chriosanna sábhála
- ➔ Níl sé ceadmhach **IN AM AR BITH** suíochán cairr linbh droim ar ais a úsáid i suíochán tosaigh an phaisinéara i gcarranna le haermhála feidhmiúil
- ➔ Ní mór do shuíocháin chairr linbh a bheith de réir chaighdeáin an AE nó Coimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN-ECE)
- ➔ Tá dualgas faoin dlí ar thiománaithe a dhearbhu go bhfuil an suíochán, suíochán ardaithe, adhartán ardaithe nó crios sábhála cuí in úsáid ag paisinéirí atá faoi bhun 17

Má dhéantar cinnte de go bhfuil leanbh faoi shrian mar is ceart i suíochán cairr linbh is féidir gortuithe a laghdú ar factóir 90-95% le suíocháin droim ar ais agus 60% le suíocháin a amharcann chun tosaigh*

*Foinse: AA Motoring Trust

www.rsa.ie/childsafetyincars

TREOIR MHAISITHE AR SHUÍOCHÁIN CHAIRR LINBH

RSA

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Suíochán Babaí Droim Ar Ais

**NÁ GUIR SUÍOCHÁN
BABAÍ DROIM AR AIS
I SUÍOCHÁN TOSAIGH
AN PHAISINÉARA MÁ
TÁ AERMHÁLA ANN!**



Meáchan
Do bhaithe suas go dtí 13 cg (29 pt)

Gar-Réimse Aoise
Breith go dtí 12-15 mí

Tugann suíocháin droim ar ais cosaint níos fearr do cheann, mhúineál agus chnámh dhroma an bhabaí ná mar a thugann suíocháin a amharcann chun tosaigh. Mar sin de, is fearr do bhabaí a choinneáil i suíochán droim ar ais chomh fada agus is féidir.

Ná haistrigh iad go dtí suíochán a amharcann chun tosaigh go dtí go bhfuil an t-uasmhéachan don suíochán babaí bainte amach acu nó go dtí go bhfuil a gceann níos airde ná barr an tsuíocháin.

Suíochán a Amharcann Chun Tosaigh



Meáchan
9-18cg (20-40 pt)

Gar-Réimse Aoise
9 mí - 4 bliana

Ná haistrigh do leanbh go dtí suíochán a amharcann chun tosaigh go dtí go bhfuil an t-uasmhéachan dá suíochán babaí bainte amach acu nó go dtí go bhfuil a gceann níos airde ná barr an tsuíocháin.

Suíochán Ardaithe



Meáchan
15-25cg (33-55pt)

Gar-Réimse Aoise
4-6 bliana

Tá roinnt suíochán ardaithe deartha le gur féidir iad a iompú ina n-adhartáin ardaithe ach an taca droma a bhaint díobh.

Adhartán Ardaithe



Meáchan
22-36cg (48-79pt)

Gar-Réimse Aoise
6-11/12 bliain

Ní bhíonn srathair chomhtháite ar adhartáin ardaithe chun an leanbh a choinneáil in áit. Téann crios an duine fhásta timpeall an linbh agus an suíochán. Tá sé tábhachtach, mar sin de, an crios a shocrú mar is ceart.

Ba mhaith leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre buíochas a ghábháil le RoSPA (The Royal Society for the Prevention of Accidents) as cead a thabhairt sleachta óna láithreán "child car seats" www.childcarseats.org.uk a atáirgeadh

GAN SUÍOCHÁN CAIRR LINBH GAN LEITHSCÉAL

www.rsa.ie/childsafetyincars

TUILLEADH EOLAIS FAOI SHUÍOCHÁIN CHAIRR LINBH

Roghnaigh suíochán cairr linbh atá oiriúnach do MHEÁCHAN agus d'AIRDE an linbh. Ná brath ar aois mar threoir.